

Seisiún Eolais Maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe

Clár

<u>Réamhrá Ginearálta</u>	<u>3</u>
<u>Comhthéacs Airgeadúil</u>	<u>4</u>
<u>Comhthéacs Earnála</u>	<u>4</u>
<u>Scéimeanna - eilimintí comónta</u>	<u>5</u>
<u>Scéim abhcóideachta agus taighde</u>	<u>7</u>
<u>Scéim raidió pobail</u>	<u>10</u>
<u>Scéim na nEalaíon</u>	<u>12</u>

Réamhrá Ginearálta

- [Comhthéacs Luach ar Airgead](#)
- [Comhthéacs Airgeadúil](#)
- [Comhthéacs Earnála](#)

Comhthéacs Luach ar Airgead

- Toisc gur eagrais é Foras na Gaeilge a chaitheann airgead poiblí ní mór an luach is fearr ar an airgead sin a chinntiú.
- Chuige sin ní mór dó bheith ábalta fianaise a sholáthar go bhfuil ag éirí lena chuid oibre féin agus leis an obair a bhíonn á maoiniú aige.
- Caithfidh na hacmhainní tearca a úsáid le húsáid na Gaeilge a mhéadú agus le leas an phobail i gcoitinne, idir phobal na Gaeilge agus mhórphobal an Bhéarla.
- Agus Foras na Gaeilge ag iarraidh torthaí teangeolaíochta a bhaint amach iarrfar ar na grúpaí a mhaoineofar fianaise a chur ar fáil a léiríonn an tionchar atá siad tar éis a imirt ar na mórchúspóirí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge – stádas, cumas agus úsáid.
- Tugtar lánchead d'eagraíochtaí maoiniú a lorg ó fhoinsí eile maoinithe, ionas nach gá brath ar mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge amháin. Bheifí ag súil le tré-dhearcacht iomlán a bheith léirithe do na foinsí ar fad sa chás seo.

Luach ar Airgead - Tomhais

Ní mór do na tionscadail a mhaoineofar faoi na Scéimeanna seo dul i ngleic le ceisteanna mar seo a leanas ar bhealach atá intomhaiste:

- Cad é an *t-ardú* sa mhéid úsáide a bhfuiltear ag súil leis (nó cad é an leibhéal atáthar ag iarraidh a chothabháil, i gcás go raibh an leibhéal ag dul síos)?
- Cé a bhainfidh tairbhe as seo agus cá mhéad daoine atá i gceist? Cad iad na hathruithe teangeolaíochta a thabharfaidh siad faoi deara?
- Conas is féidir a chruthú go ndearnadh dul chun cinn agus conas is féidir a chruthú go mbaineann an dul chun cinn sin leis an gcaiteachas a rinneadh ar an tionscadal/gníomhaíocht seo?

- Conas a chuirfidh na daoine a ghlacfaidh páirt sa tionscadal/gníomhaíocht aiseolas ar fáil faoi na hathruithe teangeolaíochta a tharla ina gcás féin.
- An bhfuil na torthaí sonracha, indéanta agus réalaíoch i bhfianaise an mhéid airgid a bheidh ar fáil?
- An féidir na torthaí a bhaint amach laistigh de shaolré na gníomhaíochtaí nó an gá iad a thomhas arís ar ball ina dhiaidh sin? (Níltear ag súil, ar ndóigh, gur féidir le heagrais pátrúin úsáide atá seanbhunaithe a athrú laistigh d'aon bhliain airgeadúil amháin.)
- An bhfuil nasc soiléir idir an fhianaise a léiríonn an gá leis an tionscadal/gníomhaíocht agus na torthaí a bhaineann leis/léi?

Go bunúsach an rud atá i gceist ná cad é mar a dhéanfar tomhas ar thorthaí an tionscadail.

Comhthéacs Airgeadúil

Níl na socruithe airgeadúla do na heagrais Ghaeilge sa tríú hearnáil inmharthana

- Sa bhliain 2008 chaith Foras na Gaeilge 40% de bhuiséad iomlán na bliana ar na heagrais bhunmhaoinithe – timpeall is €8 milliún.
- Caitheadh c. leath de sin ar thuarastail. Cé gur tháinig ísliú de 4.25%, ar an mbunmhaoiniú in 2009, tháinig ardú 6.4% ar chostas tuarastal na bhfostaithe.
- Tá laghdú de 9% ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge i mbliana
- Sna trí bliana atá amach romhainn laghdófar buiséad Fhoras na Gaeilge ar a laghad 3% gach bliain

Comhthéacs Earnála

- Tá an gaol idir an stát agus eagrais sa tríú hearnáil i réimsí eile faoi athbhreithniú ag an dá rialtas
- Is cuid nádúrtha den ghaol stát/3ú hearnáil athbhreithniú a dhéanamh ar obair na hearnála
- Shocraigh an Chomhairle Aire

Scéimeanna - eilimintí comónta

Ní mór na Scéimeanna ar fad a fheiceáil sa chomhthéacs seo a míníodh thuas agus tá na heilimintí seo inár ndiaidh comónta iontu.

Croíchritéir

1. Beidh an grúpa ag feidhmiú trí Ghaeilge agus is é cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge príomhchuspóir an ghrúpa
2. Beidh an grúpa comhdhéanta mar is ceart (Meamraim, bunreacht srl)
3. Beidh an grúpa lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht
4. Beidh struchtúr oiriúnach agus cumas bainistíochta ag an ghrúpa
5. Beidh cuntas bainc ag an ngrúpa in ainm na heagraíochta (tá na socrúithe sínithe seiceanna inghlactha)
6. Beidh gá leis an deontas – nach bhfuil go leor acmhainne ag an ngrúpa leis an tionscadal a réachtáil gan tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Costais Inmhaoinithe

Is féidir cur isteach ar na costais seo a leanas:

- Costais an Chláir .i. an costas a bhaineann leis an gClár Gníomhaíochtaí a sholáthar briste síos do gach bliain
- Costais riachtanacha eile – tuarastail, costais oifige srl atá riachtanach leis an gclár oibre a chur i gcrích. Caithfidh siad seo bheith ag baint leis an gclár agus riachtanach lena chur i bhfeidhm agus bheith réasúnta agus inchosanta.

:

- Struchtúr eagraíochtúil a bheith in áit nó a bheith incheaptha laistigh d’amscála réasúnta le freastal ar riachtanais na scéime, agus na gnéithe seo san áireamh;
 - Taithí chuí sa réimse oibre NÓ/AGUS nuálaíocht sa réimse oibre seo
 - Cumas le seirbhís a sholáthar ar feadh tréimhse an chonartha.

Fad Scéimeanna

Cé go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann, sa chuid is mó de, samhlaítear go mairfidh na Scéimeanna ar feadh trí bliana leis an bpleánáil agus leis na socrúithe is gá a éascú d'iarrthóirí.

Beidh maoiniú bhliain 2 ag brath ar chur i bhfeidhm bhliain 1 agus ar aghaidh mar sin.

Scéim abhcóideachta agus taighde

- Ní leor an tacaíocht ó na húdaráis rialtasacha agus áitiúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail ar fud an oileáin. Ní leor í chun na cuspóirí atá in *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a bhaint amach ach an oiread. Caithfear an bhá - agus ar a laghad an faomhadh intuigthe - a thugann an pobal mór, nó cuid den phobal, a chothabháil agus a chothú agus caithfear cur i gcoinne na ndearcthaí agus na ngníomhartha neamhthacúla le heolas, le hargóint agus le háiteamh.
- Tá samplaí de dhearcthaí tacúla agus neamhthacúla le fáil i dtaighde a rinneadh le déanaí:

Dearcthaí Tacúla ó Dheas

Creideann tromlach na ndaoine gur teanga bheo í an Ghaeilge agus ba mhaith leo socrú éigin dátheangach a bheith ann ó thaobh úsáide de idir í agus an Béarla sa todhchaí. Tá tromlach i bhfabhar iarrachtaí stáit ar son na teanga chomh maith.

Creideann mionlach suntasach de thart ar 25% go bhfuil sé an-tábhachtach go bhfoghlaimeodh leanaí an Ghaeilge agus chuirfeadh an céatadán céanna a gcuid páistí chuig Gaelscoil dá mbeadh a leithéid ar fáil go haitiúil.

Dearcthaí Tacúla ó Thuaidh

Creideann an pobal Caitliceach i dTuaisceart Éireann go bhfuil níos mó tábhachta leis an nGaeilge ná mar a chreideann an pobal ó dheas agus teastaíonn ó 62% díobh go ndéanfaí í a chothabháil sa todhchaí agus go múinfí í mar chuid den chlár foghlama sna scoileanna.

Cé nár theastaigh ó mhóran den phobal Protastúnach i dTuaisceart Éireann go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí féin an Ghaeilge, tá mionlach suntasach díobh (20%) ann a dteastaíonn uathu go mbeadh sí á labhairt sa todhchaí agus tá an méid céanna acu ann atá sásta go gcuirfí acmhainní poiblí ar fáil le gur féidir í a chur chun cinn (m.sh. í a bheith mar ábhar i scoileanna i dTuaisceart Éireann).

Dearcthaí Neamhthacúla ó Dheas

Ní mheasann ach thart ar a leath (48%) den phobal gur gné lárnach d'fhéiniúlacht Éireannach í an Ghaeilge.

Tá sciaranna réasúnta móra den phobal fásta nár fhoghlaim conas an Ghaeilge a labhairt, nach measann go bhfuil tábhacht léi, agus atá i gcoinne iarrachtaí stáit an teanga a chothabháil agus a athbheochan.

Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar mhéad agus ar mhinicíocht na bhfreagraí 'níl a fhios agam' nó 'níl aon tuairim ar leith agam' ar cheisteanna faoi pholasaithe teanga an stáit.

Dearcthaí Neamhthacúla ó Thuaidh

Is mar Bhriotanaigh go príomha a shamhlaíonn Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann iad féin. Ní shamhlaíonn siad go bhfuil suntas ar leith ag roinnt leis an nGaeilge fad is a bhaineann leis an bhféiniúlacht seo agus gníomhaíonn siad i gcoinne aon iarracht a bheith á dhéanamh ag an stát ar son na teanga. Thairis sin, is beag an ról a bhíonn ag an nGaeilge ina gcuid scoileanna agus níl cumas sa Ghaeilge ach ag fíorbheagán acu. Go ginearálta, cuireann Protastúnaigh síos orthu féin mar dhaoine nach bhfuil tuairim ar leith acu, nach spéis leo an Ghaeilge nó atá ina coinne.

Tá mionlach suntasach i measc Chaitlicigh Thuaisceart Éireann atá i gcoinne mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna agus léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go bhfuil scoilteanna inmheánacha ann i measc Chaitlicigh Thuaisceart Éireann faoi pholasaí Gaeilge.

Beifear ag súil leis go mbeidh plean straitéiseach soiléir san áireamh in iarratas an ghrúpa. Glactar leis go mbeidh na réimsí a leanas luaite agus na cúiseanna a bhaineann leo mínithe:

- Cúrsaí feasachta teanga
- Mearfhreagairt ar ionsaithe ar an nGaeilge nó ar dhrochphoiblíocht don Ghaeilge

- Eolas a sholáthar do phobal na Gaeilge agus do mhórphobal an Bhéarla faoi staid na Gaeilge
- Eolas a sholáthar do phobal na Gaeilge agus do mhórphobal an Bhéarla faoi bhuntáistí na Gaeilge
- Taighde ar chúrsaí ábhartha a chur i gcrích

Scéim raidió pobail

Cuireann na meáin phobail ar fad bealaí ar fáil le déantúis chultúrtha na bpobal a bhfreastlaíonn siad orthu a scaipeadh, ach maidir leis an raidió pobail go háirithe:

- Léiríonn an raidió pobail an éagsúlacht chultúrtha.
- Tacaíonn an raidió pobail leosan a bhíonn páirteach sna déantúis chultúrtha.
- Cothaíonn an raidió pobail an fheasacht agus an tuiscint gur pobal ar leith iad an lucht éisteachta acu ar chóir aitheantas a bheith tugtha dóibh.
- Tacaíonn an raidió pobail leis an gcomhtháthú sóisialta i measc an tsainghrúpa a mbíonn sé dírithe orthu.
- Tá pobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht scaipthe go tíreolaíoch; is pobal diaspórach é agus dá réir sin ní fheidhmíonn na gnáthphróisis chumarsáide a bhíonn ar fáil do mhórphobal. I gcúiteamh air seo is gá tacú le agus iomlánú a dhéanamh ar na próisis chumarsáide a bhíonn ar fáil do phobal na Gaeilge maidir le comhdhlúthú, cumarsáid, roinnt eolais agus mar sin de.
- Cuireann an raidió pobail le feiceálacht (inéisteacht) na teanga sa tsochaí mhór agus tugann sé léiriú ar ghné den tsochaí a bheadh faoi cheilt cuid mhaith ar na haerthonnta mura mbeadh an bealach léirithe seo ar fáil chun é a nochtadh.
- Cruthaíonn an raidió pobail nasc sainiúil idir an Ghaeilge agus an nuatheicneolaíocht agus soláthraíonn saindeiseanna úsáide agus oiliúna sa chomhthéacs sin.

I measc na dtorthaí a mbeifear ag súil leo beidh na gnéithe seo a leanas:

- Réimse leathan clár do gach aoisghrúpa sa cheantar i gceist
- Uaireanta craolta réasúnta
- Deiseanna foghlama / traenála do dhaoine óga
- Foireann phairtaimseartha oilte / faoi oiliúint a bheith ann
- Clár tacaíochta do ghrúpaí eile

Dá bhrí sin chun earnáil an raidió pobail sa Ghaeilge a chur chun cinn tá gá:

- Clár tacaíochta do ghrúpaí eile
- Leis an earnáil chraoltóireachta pobail Ghaeilge a chothabháil agus a fhorbairt
- Le hullmhúcháin a dhéanamh le stáisúin nua a bhunú agus a fhorbairt.

na dtréithe inmhianaithe dá leithéid de sheirbhís araon:

1. _____ ,
s phobal na Gaeilge i gcoitinne,
2. Deiseanna foghlama do dhaoine óga,
3. _____ ,
4. _____ .

_____ :

1. _____
2. _____ a
3. Struchtúr eagraíochtúil a bheith in áit nó a bheith incheaptha laistigh d'amscála réasúnta le freastal ar riachtanais na scéime, agus na gnéithe seo san áireamh:
4. _____
5. _____
6. Taithí chuí sa réimse oibre seo NÓ/AGUS nuálaíocht sa réimse oibre seo
7. Cruthú go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar ar feadh thréimhse an chonartha.
8. Cumas le seirbhís a sholáthar ar feadh thréimhse an chonartha.

Scéim na nEalaíon

- Tugann na healaíona, go háirithe na healaíona dúchasacha agus liteartha, ardán ar leith don Ghaeilge agus saibhríonn siad cultúr an domhain trí chéile.
- Tugann siad chomh maith deis do phobal na Gaeilge cruinniú le chéile agus a n-oidhreacht a cheiliúradh.
- Tá dualgais ar raon eagrais stáit eile chomh maith le Foras na Gaeilge maidir leis na healaíona Gaeilge a chur chun cinn: Na Ranna Oideachais agus na Comhairlí Ealaíon thuaidh agus theas, mar shampla.
- Bíonn tábhacht ar leith leis an rialtas áitiúil i réimse na n-ealaíon chomh maith maidir le siamsaíocht agus turasóireacht a chothú agus ní mór d'aon duine atá gníomhach sa réimse oibre seo ról gníomhach a ghlacadh sa chomthéacs eagraíochtúil a bhaineann leis na healaíona.
- scéim na gComplachtaí Drámaíochta agus Scéim na bhFéilte do ghrúpaí atá ag saothrú sa réimse seo don Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus Oireachtas na Gaeilge.
- Cuireann an maoiniú seo ardán ar fáil don Ghaeilge ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil agus cuireann sé deiseanna úsáide ar fáil do phobal na Gaeilge agus dóibh siúd a bhfuil suim acu sa Ghaeilge nó sna healaíona. Cé go n-aithnímid go bhuil raon eile cineálacha ealaíon agus cleachtas ealaíon ann agus a bhfuil Foras na Gaeilge ag freastal orthusan trí Scéimeanna ar nós Scéim na bhFéilte agus Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, maidir leis an Scéim áirithe seo, is iad na healaíona traidisiúnta agus amaitéaracha atá i gceist léi. Agus sin ráite, níl aon bhac ar fhorbairtí maidir le foirmeacha nua ealaíne a bheith san áireamh mar bíonn sé sin mar ghnáthnós sa chleachtas ealaíonta trí chéile. Glactar leis gur as fréamhacha dúchasacha a d'eascródh aon fhorbairt mar seo.

chuireadh na gnéithe a leanas:

1. Mórfhéile amháin ar a laghad do phobal na Gaeilge a dhéanfaidh ceiliúradh ar na healaíona dúchasacha.
2. Cur le rannpháirtíocht an aosa óig sna comórtais agus sna himeachtaí.
3. Scoth na scríbhneoireachta sa Ghaeilge a cheiliúradh agus a aithint.
4. Réimse d'imeachtaí drámaíochta a chomhordú agus tacaíocht chuí a sholáthar do ghrúpaí áitiúla atá ag plé leis an drámaíocht.

iarratas. San áireamh ansin bheadh liostáil ar amscala nó ar fhéilire na ngníomhaíochtaí ar leith san fhéile nó sna féilte go bliantúil, cur síos ar na spriocanna tinrimh, cur síos ar an gclúdach agus ar an gcomhpháirtíocht tíreolaíochta, aoise, leibhéal Gaeilge srl. a bhfuiltear ag súil leo, cur síos ar na spriocanna poiblíochta, agus aon sonraíocht eile a mheasann an t-iarrthóir a bheith ina chabhair agus an t-iarratas á mheas, srl.

I measc na dtorthaí a mbeifear ag súil leo beidh gnéithe mar iad seo a leanas:

- Mórfhéile amháin ar a laghad a mbeidh sé i gceist aige go mbainfí aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta di, agus a chothóidh na healaíona dúchasacha agus a bhainfidh poiblíocht agus stádas amach dóibh.
- Spriocanna intomhaiste rannpháirtíocht le sainghrúpaí éagsúla, go háirithe an t-aos óg, mar chuid den fhéile (m.sh. i gcomórtais nó/agus in imeachtaí).
- Spriocanna cothabhála a bheith sonraithe maidir le scríbhneoireacht sa Ghaeilge (líon iontrálacha, líon leabhar foilsithe)
- Spriocanna aitheantais a bheith sonraithe sna meáin Ghaeilge, sna meáin uile-oileánda agus idirnáisiúnta maidir le scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus spriocanna urraíochta dá réir.
- Spriocanna i leith imeachtaí drámaíochta amaitéaraí agus áitiúla maidir le líon léirithe, rannpháirtíocht tíreolaíochta ó thaobh aistreoireachta/foirne agus lucht éisteachta de.

Eolas Ábhartha Eile

Beidh sé i gceist ag Foras na Gaeilge leanúint de bheith ag maoiniú na Scéimeanna seo a leanas a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu d'earnáil na n-ealaíon agus d'iarratais faoin Scéim seo. D'fhéadfaí:

- Scéim na gComplachtaí Drámaíochta
- Scéim na bhFéilte
- Scéimeanna de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge